

# Léachtaí & Gui an Phobail (Aifreann Socraide)

*Is beannaithe na mairbh a fhaigheann bás sa Tiarna – Apac 14:13*

## Aifreann 1

Sliocht as leabhar na hEagna                    3:1-6.9

Tá anamacha na bhfíréan i láimh Dé  
agus ní bainfidh piolóidí leo choíche.  
Ba dhóigh le lucht na díchéille go raibh siad marbh,  
agus measadh gur thubaiste ab ea a mbás,  
agus gurbh ionann agus síothú a n-imeacht uainn.  
Ach is amhlaidh atá siad faoi shuaimhneas anois.  
Óir bíodh gur fhulaing siad pionós os comhair an tsaoil,  
bhí siad lán de dhóchas go mairfidís go deo.  
Tar éis dóibh beagán smachtaithe a fhulaingt  
bronnfar mórán tíolacthaí orthu.  
Mar chuir Dia féachaint orthu, agus fuair sé a dhíol iontu.  
Tháistíl sé iad mar ór i bhfoirnéis  
agus ghlac sé leo ina n-íobairt lándóite.  
Na daoine a chuireann a muinín ann, tuigfidh siad an fhírinne;  
agus na daoine a fhanann dílis dó,  
cónóidh siad ina fhochair faoi ghrá;  
mar faigheann a phobal tofa grásta agus trócaire uaidh.  
Sin é briathar Dé

**Salm le freagra**                            Sm 114

*F. Siúlfaidh mé I bhfíanaise an Tiarna I ndúiche na mbeo.*

Is ceansa an Tiarna agus is cóir;  
is trócaireach é ár nDia.  
Cosnaíonn an Tiarna lucht na simplíochta.  
Bhí mé go hainnis agus shábháil sé mé. F.

Bhí muinín agam fiú amháin nuair a dúirt mé:  
“Táim do mo bhuaireamh go mór.”  
Nuair a dúirt mé le corp eagla:  
“Is bréagach gach aon neach.” F.

Is luachmhar i bhfíanaise an Tiarna  
bás a chuid naomh  
A Thiarna, is mise do ghiolla,  
scaoil tú mo chuibreatha díom. F.

### Sliocht as litir N. Pól chuig na Rómhánaigh      14:17-12

Ní dó féin a mhaireann aon duine againn ná ní dó féin a fhaigheann sé bás. Má mhairimid beo is don Tiarna a mhairimid, agus más bás a fhaighimid is don Tiarna a fhaighimid bás chomh maith. Cibé acu beo nó marbh dúinn, mar sin, is leis an Tiarna sinn. Mar is chuige seo a fuair Críost bás agus a d'éirigh beo: chun go mbeadh tiarnas ar bheo agus ar mhairbh araon aige. Caithfimid go léir seasamh os comhair suí breithiúnais Dé, mar tá scríofa: "Dar mo bheo," a deir an Tiarna, "ach go bhfeacfar gach glúin os mo chomhair agus déanfaidh gach teanga admháil do Dhia." Dá réir sin tabharfaidh gach duine dínn cuntas air féin do Dhia.

Briathar Dé

### Aifreann 2

#### Sliocht as leabhar Iób      19:1.23-27

Dúirt Iób: "Mo mhairg nár scríobhadh síos mo bhriathra,  
Nár inscríobhadh iad ar scrolla,  
Nár greanadh iad, le peann iarainn agus le luaidhe,  
Ar charraig go brách.  
Is eol dom go maireann mo chosantóir beo,  
Agus go seasóidh seisean, an neach deireanach, an fód go daingean ar talamh.  
Dá bhfeicfinn é ar scaradh le mo chneas,  
Dá bhfaighinn radharc ar mo Dhia agus mé díchollaithe,  
An té a d'fheicfinn, bheadh sé ar mo thaobh,  
An té a bhfeicfeadh mo shúile é, ní bheadh sé eascairdiúil liom.  
Tá mo leasracha á gcnaí!  
Sin é briathar Dé

### Salm le Freagra      Sm 26

F. Is é an Tiarna mo sholas is mo shlanú.

Is é an Tiarna mo sholas is mo shlanú,  
cé a chuirfidh eagla orm?  
Is é an Tiarna dúnáras mo bheatha;  
cé a chuirfidh ar crith mé? F.

Aon ní amháin a iarríaim ar an Tiarna, éilím é seo:  
Bheith i mo chónaí i dteach an Tiarna fad a bheidh mé beo,  
chun go mblaisfinn aoibhneas an Tiarna,  
agus go bhfeicfinn a theampall. F.

A Thiarna, éist le mo ghuth nuair a screadaim ort;  
dean trúcaire orm is freagair mé.  
A Thiarna, táim ag guardach do ghnúise;  
ná folaithe orm do ghnúis. F.

Creidim go bhfeicfidh mé maitheas an Tiarna  
i dtír na mbeo.

Fan leis an Tiarna, bi cróga,  
bíodh do chroí go tréan  
is fan leis an Tiarna. F.

### Sliocht as leabhar an Apacailipsis 14:13

Chuala mise, Eoin, an guth ó na flaithis á rá: “Scríobh: Is beannaithe na mairbh a fhaigheann bás sa Tiarna, as seo amach.” “Is beannaithe go deimhin,” a deir an Spiorad, “i dtreo go scuirfidh siad dá saothar mar tá a n-oibreacha á leanúint.”

Briathar Dé

### Aifreann 3

#### Sliocht as leabhar na nOlagón 3:17-26

Is fada ó mo chroí a dhíbir tú an tsíocháin sa chaoi nach cuimhin liom céard is sonas ann. Is é a deirim: “Tá mo bhuaine curtha ó chrích; tá deireadh leis an dóchas a mhúscail an Tiarna ionam.” Cuimhnigh ar m’angar agus ar mo chuid fánaíochta, ar an mormóntha agus ar an domlas. Is cuimhin liomsa go sármhaith iad agus tá mo chroí spíonta istigh orm dá bharr. Ach tabharfaidh mé an smaoineamh seo chun mo chuimhne, mar is é fáth mo dhóchais é: Tuile gan trá is ea buanghrá an Tiarna agus ní théann tobar a thrócaire i ndísc. Athnuaitear iad gach maidin; óir is daingean í a dhílseacht. “Is é an Tiarna mo chuid den saol,” a deirim, “is ann mar sin a chuirim mo dhóchas.” Is maith é an Tiarna don té a choimeádann súil in airde leis, don duine a bhíonn á lorg. Is maith an ní é fanacht go foighneach le slánú an Tiarna.

Briathar Dé

Salm le Freagra Sm 24

*F. Chugatsa a thógaim m’anam, a Thiarna.*

Cuimhnigh ar do thrócaire, a Thiarna,  
agus ar do bhuanghrá atá ann ó na ciantsa.  
De réir do bhuanghrá cuimhnigh orm,  
as ucht do mhaitheasa, a Thiarna. F.

Tabhair faoiseamh don chroí atá cráite  
agus beir mé slán ón anacair.  
Tabhair do d’aire mo bhrón is mo bhuaire  
agus maith dom mo pheacaí go léir. F.

Déan m’anam a chosaint, agus fuasail mé;  
nár náirítear mé toisc mo thriall a bheith ort.  
Go gcumhdaí an neamhurchóid is an t-ionracas mé,  
óir is ionat atá mo dhóchas, a Thiarna. F.

Má tá Dia ar ár dtaobh, cé atá inár gcoinne? Nuair nár lig sé uaidh a mhac féin ach é a thabhairt suas ar mhaithe linne go léir, cén fáth nach mbronnfaidh sé gach grásta eile orainn ina theannta chomh maith? Agus cé a dhéanfaidh lucht tofa Dé a chuísiú? Nuair atá Dia dár saoradh, cé a dhéanfaidh ár ndaoradh? An é Críost a dhéanfaidh é, an té a fuair bás agus a tógadh ó mhairbh, atá fós ar dheis Dé agus atá ag idirghuí ar ár son? Cé a scarfaidh ó ghrá Chríost sinn? Trioblóid an ea? nó cruatan, nó géarleanúint, nó gorta, nó nochtacht, nó guais, nó an claíomh féin? Ach sna cúrsaí seo go léir, beirimid an bua go caithréimeach tríd an té úd a thug grá dúinn. Mar táim cinnte dearfa de nach bhféadfaidh bás ná beatha, aingil ná prionsaí ná cumhachtaí, nithe atá annanois ná nithe atá le teacht, an domhan thusaí ná an domhan thíos, ná dúil chruthaithe ar bith eile sinn a scaradh ó ghrá Dé atá in Íosa Críost ár dTiarna.

Sin é briathar Dé

## Aifreann 4

Sliocht as leabhar Íseáia fáidh 25:6-9

Ullmhóidh Tiarna na Slua  
ar an sliabh seo le haghaidh na gciníocha go léir  
cóisir saille, cóisir do rogha na bhfíonta,  
de smior na saille, de thogha agus de rogha na bhfíonta;  
  
agus tógfaidh sé ar shiúl an chaille bhróin  
a bhí ag clúdach na gciníocha go léir,  
agus an eisléine a bhí ag folach na náisiún uile;  
cuirfidh sé an bás ar ceal go deo.

Triomóidh Dia na deora de na gnúiseanna go léir;  
tógfaidh sé an milleán dá phobal agus den domhan uile;  
óir is é an Tiarna a dúirt é.

Déarfar an lá sin: “Breathnaígí, is é ár nDia é,  
a raibh muid ag dréim le slánú uaidh;  
is é an Tiarna é, a raibh muid ag dréim leis.  
Déanaimid gairdeas agus lúcháir mar gur shlánaigh sé sinn”.  
Briathar Dé

Salm le Freagra Sm 22

*F. Is é an Tiarna m'aoire, ní bheidh aon ní de dhíth orm.*

Is é an Tiarna m'aoire,  
ní bheidh aon ní de dhíth orm.  
Cuireann sé féin i mo luí mé  
i móinéar féir ghlais.  
Seolann sé ar imeall an uisce mé  
mar a bhfaighim suaimhneas. F.

Seolann sé ar rianta díreacha  
mar gheall ar a ainm.  
Fiú dá siúlfainn i ngleann an dorchadais,  
níor bhaol liom an t-olc  
agus tú faram le do shlat is do bhachall  
chun sólás a thabhairt dom. F.

Cóiríonn tú bord chun béis dom  
i láthair mo naimhde.  
Ungann tú mo cheann le hola;  
tá mo chupán ag cur thar maoil. F.

Leanfaidh cineáltais is fabhar mé  
gach uile lá de mo shaol;  
i dteach an Tiarna a mhairfidh mé  
go brách na breithe. F.

### Sliocht as céadlitir N. Eoin                  3:1-2

Breathnaígí cad é mar ghrá a thug an tAthair dúinn! go nglaofaí clann Dé orainn, agus is amhlaidh sinn. Sé an fáth nach n-aithníonn an saol sinne mar nár aithin sé eisean. A chairde cléibh, is clann Dé cheana féin sinn, agus níor foilsíodh fós cé mar a bheimid; ach nuair a fhoilseofar é, is feasach sinn go mbeimid ina chosúlachtsan, mar go bhfeicfimid é mar atá sé.

Briathar Dé

### Aifreann 5

Sliocht as Gníomhartha na nAspal 10:34-36, 42-43

Leabhar Peadar le Coirnélias agus lena theaghlach agus dúirt: “Tuigimanois go fíor nach bhféachann Dia chun pearsan seachas a chéile ach cibé duine a thugann ómóis dó agus a dhéanann an ceart, gur taitneamhach an duine sin dó is cuma cén cine ar díobh é. Sin é an teachtaireacht a chuir sé go dtí clann Iosrael nuair a d’fhogair sé dea-scéal na síochána dóibh trí Íosa Críost – an té atá ina Thiarna ar chách uile agus d’ordaigh sé dúinn a fhogairt don phobal agus a dhearbhú gurb é atá ceaptha ag Dia ina bhreitheamh ar bheo agus ar mhairbh. Agus is air a thugann na fáithe uile an fhianaise seo go bhfuil maithiúnas peacaí le fáil ina ainm ag an uile dhuine a chreideann ann!”

Briathar Dé

Salm le Freagra Sm 62

*F. Tá iota tarta ar m'anam chugat, a Thiarna, a Dhia liom.*

A Dhia, mo Dhia thú;  
iarraim thú go dícheallach.  
Tá íota tarta ar m'anam chugat,  
santaíonn mo cholainn thú  
amhail talamh atá tirim is spalptha cheal uisce. F.

Is mar sin a bhím ag breathnú ort sa sanctóir  
chun go bhfeicfinn do chumhacht is do ghlóir.  
Óir is fearr do bhuanghrá ná an bheatha.  
Fógróidh mo bheola do mholadh. F.

Mar sin beannóidh mé thú le mo bheo,  
i d'ainmse a thógfaidh mé mo lámha.  
Lionfar m'anam mar le fleá,  
is molfaidh mo bhéal thú le beola lúcháireacha. F.

Óir tháinig tú i gcabhair orm,  
agus gairdím faoi scáth do sciathán.  
Tá m'anam ag cloí leat go dlúth,  
coinníonn do dheaslámh suas mé. F.

**Sliocht as céadlitir N. Eoin                  4:7-10, 16**

A chairde cléibh, tugaimis grá dá chéile mar gur ó Dhia an grá agus an té a thugann grá is ó Dhia a rugadh é, agus aithníonn sé Dia. An té nach dtugann grá ní aithnid dó Dia, mar is é Dia an Grá. Mar seo a foilsíodh grá Dé inár measc gur sheol sé a aonMhac sa saol le go mairimisne trídsean. Seo é an grá – ní gur thugamarna grá do Dhia achgur thug seisean grá dúinne agus gur sheol uaidh a Mhac go mbeadh ina íobairt sásaimh ar ár bpeacaí. Is feasach dúinn agus creidimid an grá atá ag Dia dúinn. Is grá é Dia agus an té a mhaireann sa ghrá maireann i nDia agus maireann Dia ann.

Briathar Dé

**Aifreann 6**

**Sliocht as céadlitir N.Pól chuig na Teasalónaigh                  4:13-18**

Níor mhaith liom, a bhráithre, go mbeadh sibh aineolach i dtaobh na marbh i dtreo nach mbeadh sibh dobrónach ar nós na ndaoine eile atá gan aon dóchas. Creidimid go bhfuair Íosa bás agus gur aiséirigh sé; ar an gcuma chéanna an mhuintir a fuair bás i bpáirt le Críost, tabharfaidh Dia iad siúd leis ón mbas chomh maith. Agus tá an méid seo le rá againn libh ar fhocal an Tiarna féin: an méid a fhágfar beo thíos go dtí teacht an Tiarna, ní bheidh aon bhuntáiste againn orthu sin a bheidh tar éis bháis: mar nuair a thabharfar an fógra le glór an ardaingil agus le trumpa Dé, tiocfaidh an Tiarna féin anuas ó neamh agus ar dtús éireoidh na

mairbh i gCríost. Ansin an méid a bheidh fágtha beo dínn, ardófar chun siúil sinn mar aon leo trí na néalta in airicis an Tiarna sa spéir, agus ar an gcuma sin beimid i dteannta an Tiarna go deo. Déanaigí a chéile a mhisniú, más ea, leis na briathra sin.

Briathar Dé

Salm le Freagra Sm                    26

*F. Is é an Tiarna mo sholas is mo shlánú.*

Is é an Tiarna mo sholas is mo shlánú,  
cé a chuirfidh eagla orm?  
Is é an Tiarna dúnáras mo bheatha;  
cé a chuirfidh ar crith mé? F.

Aon ní amháin a iarriaim ar an Tiarna, éilím é seo:  
Bheith i mo chónaí i dteach an Tiarna fad a bheidh mé beo,  
chun go mblaisfinn aoibhneas an Tiarna,  
agus go bhfeicfinn a theampall. F.

A Thiarna, éist le mo ghuth nuair a screadaim ort;  
dean trúcaire orm is freagair mé.  
A Thiarna, táim ag guardach do ghnúise;  
ná folaithe orm do ghnúis. F.

Creidim go bhfeicfidh mé maitheas an Tiarna  
i dtír na mbeo.  
Fan leis an Tiarna, bi cróga,  
bíodh do chroí go tréan  
is fan leis an Tiarna. F.

## Aifreann 7

Sliocht as litir N.Pól chuig na Filipigh                    3:20-21

Ar neamh atá ár mbaile dúchais againne, áfach, agus is ó neamh atáimid ag súil lenar bhfuasclóir a theacht, an Tiarna Íosa Críost. Déanfaidh seisean an corp uiríseal seo againn a athmhúnlú ar aon dul lena chorp glórmhar féin – as ucht na cumhachta lena bhféadann sé gach uile ní a thabhairt faoina smacht.

Briathar Dé

*F. Is é an Tiarna m'aoire, ní bheidh aon ní de dhíth orm.*

Is é an Tiarna m'aoire,  
ní bheidh aon ní de dhíth orm.  
Cuireann sé féin i mo luí mé  
i móinéar féir ghlais.  
Seolann sé ar imeall an uisce mé  
mar a bhfaighim suaimhneas. F.

Seolann sé ar rianta díreacha  
mar gheall ar a ainm.  
Fiú dá siúlfainn i ngleann an dorchadair,  
níor bhaol liom an t-olc  
agus tú faram le do shlat is do bhachall  
chun sólás a thabhairt dom. F.

Cóiríonn tú bord chun béis dom  
i láthair mo naimhde.  
Ungann tú mo cheann le hola;  
tá mo chupán ag cur thar maoil. F.

Leanfaidh cineáltais is fabhar mé  
gach uile lá de mo shaol;  
i dteach an Tiarna a mhairfidh mé  
go brách na breithe. F.

## Guí an Phobail

Guímid ar son na hEaglaise – go raibh an Eaglais i gcónaí dílis do shoiscéal Chríost: soiscéal Leighis, maithúnas agus dóchais. A Thiarna, éist linn.

Guímid orthu siúd a bhfuil cúram pojblí orthu. Go saothraí siad ar son an chirt agus ar son na síochána. A Thiarna, éist linn.

Sa bhaisteadh gealladh an bheatha shíoraí dár mbráthair (siur), *Ainm*. Tabhair dó (di) páirt a bheith aige (aici) i gcomaoinean na naomh go deo. A Thiarna, éist linn.

*nó*

Chaith *Ainm* arán na beatha síoraí, corp Chríost. Tóg suas é (í) ar lá an luain. A Thiarna, éist linn.

*nó*

Guímid go saorfaidh Dia ár mbráthair (siúr), *Ainm*, ón bpionós agus ón dorchadas. A Thiarna, éist linn.

Guímid ar son muintir agus cairde ár mbráthar (siúrach), *Ainm* - go bhfaighe siad sólás ina mbuairt ón Tiarna a shil na deora os cionn uaigh Lazaras. A Thiarna, éist linn.

Guímid ar ár ngaolta atá marbh agus orthu siúd go léir a bhí go maith dúinn. Go bhfáiltí Dia rompu isteach sa solas soilseach ina láthair féin. A Thiarna, éist linn.

Guímid orthu sin a fuair bás sa chreideamh. Go bhfáiltí an Tiarna rompu isteach ina láthair féin. A Thiarna, éist linn.